Ábhar:

ROLLÚ OSCAILTE I NAÍSCOILEANNA: SOCRUITHE ÚRA LE HAGHAIDH IONTRÁLACHA I MEÁN FÓMHAIR 2012

Uimhir an Chiorcláin: **2011/12**

Dáta Eisiúna:

24 Deireadh Fómhair 2011

Sprioclóitheoirí:

- Príomhoidí agus Boird Gobharnóirí i ngach Naíscoil Dheontaschúnta; Bunscoileanna Deontaschúnta a chuireann Naíscolaíocht ar fáil;
- Boird Oideachais agus Leabharlann;
- Comhairle na Scoileanna Caitliceacha faoi Chothabháil.
- Foireann Feidhmithe an Údaráis Oideachais agus Scileanna

Achoimre:

Cuireann an Ciorclán seo Príomhoidí agus Boird Gobharnóirí ar an eolas faoi na socruithe a bhaineann leis an dóigh a gcuirfear gnáthaimh rollaithe oscailte i bhfeidhm ar iontrálacha ar naíscoileanna agus ranganna naíscoile i mbunscoileanna; beidh na gnáthaimh sin i bhfeidhm don scoilbhliain 2012/13. Ba chóir duit an fhoirm iarratais do roghanna tuismitheoirí a úsáid go fóill, do gach soláthróir réamhscolaíochta, an ceann a tugadh isteach anuraidh.

Tabhair do d'aire, le do thoil, paragraif 10, 11 agus 36 a leagann amach gnáthaimh úra a théann i bhfeidhm ar iontráil páistí ar sholáthar naíscolaíochta ina scoilbhliain leathdheireanach.

Tá clár ama athbhreithnithe le haghaidh shocruithe 2012/13 leagtha amach in larscríbhinn 1.

Tabhair do d'aire, le do thoil: Tá tagairtí sa téacs thíos do na Boird Oideachais agus Leabharlann (BOLanna) agus Comhairle na Scoileanna Caitliceacha faoi Chothabháil (CCMS). Ba chóir glacadh le gach tagairt sa chiorclán seo do na BOLanna agus do CCMS mar shocruithe a bhainfidh leis an Údarás Oideachais agus Scileanna (ÚOS) nuair a thiocfaidh ann dó.

Fiosrúcháin:

Ba chóir aon fhiosrúchán faoina bhfuil sa Chiorclán seo a sheoladh chuig:

An tUasal David Armstrong
Foireann Rochtain Scoile
An Roinn Oideachais
Teach Ráth Giall
43 Bóthar Bhaile Aodha
BEANNCHAR
Contae an Dúin
BT19 7PR

Feasacht Gobharnóirí:
Riachtanach

Stádas an Ábhair:
Comhairle do Phríomhoidí agus do Bhoird Gobharnóirí

Cáipéisí Gaolmhara:
2011/20

Cáipéisí Dímholta:
2010/10

Dáta Éaga:
Níl bainteach

Láithreán Gréasáin na RO:
www.deni.gov.uk

Guthán: 028 9127 9290
Facs: 028 9127 9417

Ríomhphost:
david.armstrong@deni.gov.uk

Cóipeanna Breise:
Guthán: 028 9127 9326

ROLLÚ OSCAILTE I NAÍSCOILEANNA

Clár	Leathanach
INTREOIR	1
ACHOIMRE	1
CUR I BHFEIDHM AN CHIORCLÁIN	2
SOCRUITHE NA MBORD LE HAGHAIDH IONTRÁIL AR RÉAMHSCOLAÍOCHT AG SCOILEANNA DEONTASCHÚNTA	2
FOIRMEACHA IARRATAIS	2
IARRATAIS Á MEAS AG SCOILEANNA	2
EOLAS Á FHOILSIÚ AG BOIRD	3
RÓL NA ROINNE	4
CRITÉIR IONTRÁLA	4
PÁISTÍ A BHFUIL SAINRIACHTANAIS OIDEACHAIS ACU	5
CRITÉIR EILE	6
ACHOMHAIRC	6
CINNEADH MAIDIR LE LÍON ROLLAITHE LÁNAIMSEARTHA AGUS PÁIRTAIMSEARTHA	7
LÍON ROLLAITHE LÁNAIMSEARTHA	7
LÍON ROLLAITHE PÁIRTAIMSEARTHA	7
GNÁTHAIMH I DTACA LE PÁISTÍ A NGLACTAR LEO LE LINN A MBLIANA RÉAMHSCOLAÍOCHTA LEATHDHEIREANAÍ	8
CLÁR AMA	8
CIORCLÁIN A CUIREADH AR CEAL	8
IARSCRÍBHINN 1 – CLÁR AMA	9
IARSCRÍBHINN 2 – CRITÉIR 'CEISTE RÉITIGH'	11

INTREOIR

1. Leagann Cuid V Caibidil II den Ordú Oideachais (Tuaisceart Éireann) 1998 amach na riachtanais reachtúla d'iontráil na bpáistí ar réamhscolaíocht ag scoileanna deontaschúnta. Leasaíonn Airteagal 21 den Ordú Oideachais agus Leabharlann (Tuaisceart Éireann) 2003 Airteagal 23 d'Ordú 1998. Tá ceanglas ar thuismitheoirí a chur in iúl in ord tosaíochta an naíscoil/rang naíscoile inar mian leo go gcuirfí réamhscolaíocht ar fáil dá bpáiste.

2. Leagann an Ciorclán seo amach na socruithe do chur i bhfeidhm na ngnáthamh rollaithe oscailte d'iontrálacha ar naíscoileanna agus ranganna naíscoile i mbunscoileanna (a dtugtar aonad naíscoile orthu i roinnt cásanna). Tá príomhról ag Boird Oideachais agus Leabharlann (a dtagraítear dóibh mar 'boird' nó 'bord' anseo ina dhiaidh seo), sa mhéid is go bhfuil ceanglas orthu na socruithe a dhéanamh le tuismitheoirí páiste atá ina c(h)ónaí i limistéar an bhoird a roghanna a chur in iúl i dtaca le naíscoil/rang naíscoile ar mian leo go ndéanfadh a bpáiste freastal uirthi/air agus fosta poiblíocht a thabhairt do na socruithe a bheidh i bhfeidhm.

3. Níl an treoir atá á tabhairt anseo ina léirmhíniú údarásach dlíthiúl ar an Ordú Oideachais (Tuaisceart Éireann) 1998 nó ar an Ordú Oideachais agus Leabharlann (Tuaisceart Éireann) 2003 nó ar rialacháin a rinneadh faoi na hOrduithe sin.

4. **Tá sé tábhachtach a thabhairt do d'aire go mb'fhéidir go mbeadh sé de dhualgas ar scoileanna eolas atá istigh in iarratais iontrála a fhíorú má tá siad le cinntiú go bhfuil a gcritéir iontrála á gcur i bhfeidhm mar is ceart. Le níos mó comhairle agus eolais ar an dualgas le fíorú a fháil, ba chóir an ciorclán seo a léamh in éineacht le Ciorclán 2011/20, rud a chuireann comhairle ar phríomhoidí agus ar Bhoird Gobharnóirí maidir leis an dualgas a bhaineann le heolas atá mar pháirt d'iarratas a fhíorú.**

ACHOIMRE

5. Tá na príomhghnéithe a bhaineann le rollú oscailte i naíscoileanna agus i ranganna naíscoile mar seo a leanas:-

i. Cinneann an Roinn an líon rollaithe lánaimseartha agus/nó páirtaimseartha do gach scoil;

ii. Déanann Boird Oideachais & Leabharlann socruithe le tuismitheoirí a chumasú a rogha a chur in iúl i dtaca leis an naíscoil/rang naíscoile ar mian leo go bhfreastlódh a bpáiste uirthi/air. Tá ceanglas orthu fosta na critéir a fhoilsiú (ar a dtugtar 'critéir iontrála') a úsáidfidh scoileanna le páistí a roghnú i gcás go bhfuil siad ró-shuibscríofa: Ní mór do na critéir sin bheith ábalta páistí a roghnú síos go dtí an áit dheireanach atá ar fáil;

iii. Tá sé de cheart ag **tuismitheoirí** a rogha a chur in iúl i dtaca leis an naíscoil/rang naíscoile ar mian leo go bhfreastlódh a bpáiste uirthi/air. Lena chois sin, ní mór do scoileanna cloí le rogha atá curtha in iúl ag tuismitheoir, le haghaidh iontráil páiste suas go dtí a líon rollaithe lánaimseartha agus/nó páirtaimseartha;

iv Tá sé de cheart ag **tuismitheoirí** fosta achomharc a dhéanamh chuig binse neamhspleách achomhairc i gcás go measann siad nár chuir an scoil/rang a

gcritéir iontrála i bhfeidhm nó i gcás go measann siad nár chuir siad i bhfeidhm mar is ceart iad;

v. tabhair do d'aire le do thoil na gnáthaimh úra iontrála a fhéachfaidh le roghnúchán a uasmhéadú ó pháistí ina mbliain dheireanach réamhscoile. Tá siad leagtha amach sa Chlár Ama in Iarscríbhinn 1; agus

vi. Ní mór do **scoileanna** tosaíocht a thabhairt do pháistí atá ina gcónaí i dTuaisceart Éireann ag an am atá beartaithe le haghaidh iontrála.

CUR I BHFEIDHM AN CHIORCLÁIN

6. Bainfidh na socruithe atá leagtha amach sa Chiorclán seo le hiontrálacha go naíscoileanna agus ranganna naíscoile i mbunscoileanna don scoilbhliain 2012/13. Bainfidh siad le hiontráil páistí nach bhfuil an íosteorainn den aois éigeantach scoile bainte amach acu.

SOCRUITHE NA MBORD LE HAGHAIDH IONTRÁIL AR RÉAMHSCOLAÍOCHT AG SCOILEANNA DEONTASCHÚNTA

7. Cuireann **Airteagal 21 den Ordú Oideachais (Tuaisceart Éireann) 2003** ceanglas ar gach bord socruithe a dhéanamh do thuismitheoir páiste atá ina c(h)ónaí i limistéar an bhoird roghanna a chur in iúl (in ord) i dtaca leis an scoil inar mian leis/léi go gcuirfí réamhscolaíocht ar fáil dá p(h)áiste agus i gcás go gcuireann aon cheann de na scoileanna/ranganna sin réamhscolaíocht lánaimseartha agus pháirtaimseartha ar fáil a rogha a chur in iúl i dtaca le cén cineál réamhscolaíochta is mian leis/léi bheith curtha ar fáil dá p(h)áiste agus fáthanna a thabhairt dá c(h)uid roghanna.

8. **Faoi na boird atá sé sonraí na socruithe a chinneadh a bheidh i bhfeidhm i ngach limistéar boird lena n-áirítear clár ama do ghnáthamh na n-iontrálacha. Mar sin féin, tugann paragraif 9 go 12 agus an clár ama molta san Iarscríbhinn treoir do bhoird i dtaca leis na cineálacha socruithe agus do scoileanna i dtaca le hiarratais ar iontráil a mheas.**

FOIRMEACHA IARRATAIS

9. Moltar gur chóir go mbeadh ceanglas ar thuismitheoirí atá ag iarraidh áit a fháil dá bpáiste ag naíscoil nó ag rang naíscoile i mbunscoil gach eolas ábhartha a chur ar fáil do scoileanna ar nós ainm (**mar a thugtar ar theastas breithe an pháiste**), dáta breithe agus seoladh, dearthair/deirfiúr atá ag freastal cheana mar aon le **teastas breithe an pháiste** agus doiciméadú tacaíochta eile de réir mar is cuí (féach NÓTA i bparagraf 21). Cinnteoidh sé sin go mbeidh an Bord Gobharnóirí ábalta an t-iarratas a mheas bunaithe ar chritéir iontrála na scoile gan níos mó eolais a iarraidh ó na tuismitheoirí. Soláthróidh boird foirmeacha caighdeánacha iarratais agus beidh siad ar fáil i ngach scoil. Foilseofar cóip leis an eolas faoi shocruithe iontrála curtha ar fáil do thuismitheoirí. (Féach fosta paragraif 13 go 17). **Ba chóir go n-iarrfaí ar thuismitheoirí trí rogha ar a laghad a ainmniú agus ba chóir dóibh smaoineamh ar scoileanna a ainmniú trasna na n-earnálacha .i. suímh reachtúla agus suímh dheonacha/phríobháideacha.** Ba chóir béim a chur ar a thábhachtaí agus atá sé sin, áit ar bith a bhfuiltear eolach ar bhrú ar áiteanna.

IARRATAIS Á MEAS AG SCOILEANNA – LÉIGH GO CÚRAMACH LE DO THOIL

10. Ba chóir do scoileanna gach iarratas ar iontráil a mheas agus daltaí a ligean isteach suas go dtí a líon rollaithe ceadaithe. I scoileanna/ranganna atá ró-shuibscríofa, ba chóir foirmeacha iarratais na ndaltaí nár glacadh leo le haghaidh iontrála ag a gcéad rogha a chur ar fáil **go gasta** don scoil a bhí mar dhara rogha na dtuismitheoirí tríd an Bhord Oideachais agus Leabharlann. Ba chóir an próiseas sin a leanúint do scoileanna a bhí mar thríú rogha srl. go dtí go bhfuil áit ag gach dalta. **Ní mór do scoileanna/ranganna cloí go daingean leis na dátaí atá sonraithe do chur ar ais na bhfoirmeacha iarratais ag gach céim. Mura féidir cruinnithe den Bhord Gobharnóirí a thionól laistigh den scála ama ba chóir dóibh socruithe a dhéanamh a ndualgais a tharmligean sa réimse sin chuig fochoiste nó chuig Príomhoide lena chinntiú go gloífear leis an sprioc-am.**

11. **Tá se mar aidhm ag an Chlár Forleathnaithe Réamhscolaíochta bliain amháin de réamhscolaíocht ar ardchaighdeán a sholáthar do gach páiste ar mian lena dtuismitheoirí í. Tá an curaclam naíscoile deartha do pháistí ina mbliain dheireanach réamhscoile agus tá ceanglas ar scoileanna tosaíocht a thabhairt do na páistí sin sa phróiseas iontrála.**

Ní mheasfar foirmeacha iarratais a bhaineann le páistí níos óige nach bhfuil ina mbliain dheireanach réamhscoile ach ag Céim 2 den phróiseas iontrála ar aon dul leis an Chlár Ama atá ceangailte le hlarscríbhinn 1.

Agus iarratais á meas, moltar go dtabharfadh Boird Gobharnóirí tosaíocht do gach páiste ina mbliain <u>dheireanach</u> réamhscoile lena n-áirítear, de réir mar is cuí, iarratais mhalla thar iarratais ó pháistí a bheidh ina mbliain <u>leathdheireanach</u> réamhscoile.

12. **Tá comhairle bhreise ar an phróiseas iontrála, go háirithe iontráil na bpáistí ina mbliain leathdheireanach réamhscoile, ar fáil ó d'Oifigeach áitiúil Aistrithe Boird.**

EOLAS Á FHOILSIÚ AG BOIRD

13. **Cuireann Airteagal 33 den Ordú Oideachais (Tuaisceart Éireann) 1988** ceanglas ar gach bord sonraí na socruithe a fhoilsiú i dtaca le hiontráil páistí ar réamhscolaíocht ag gach scoil i ngach scoilbhliain, agus i dtaca le meicníochtaí achomhairc ag cibé am agus i gcibé modh a d'fhéadfadh an Roinn a ordú.

Lena chois sin, cuireann na Rialacháin Oideachais (Eolas Scoile agus Réamheolaire) (Tuaisceart Éireann) 2003 Uimh 378 arna leasú, ceanglas ar gach bord na nithe seo a leanas a fhoilsiú, i dtaca le gach naíscoil ina limistéar sonraí mar gheall ar:

- líon na ndaltaí a bhfuiltear ag dréim leo ag an scoil agus a aoisraon; agus
- na critéir iontrála don scoil.

14. Ní mór an t-eolas ginearálta faoi shocruithe an rollaithe oscailte agus an t-eolas faoi scoileanna aonaracha don scoilbhliain 2012/13 a fhoilsiú roimh an bhliain sin. Ba chóir don eolas foilsithe an clár ama a leagan amach maidir le breithniú iarratas, míniú a thabhairt do thuismitheoirí gur chóir dóibh a n-iarratas a sheoladh go díreach chuig an scoil atá mar chéad rogha acu agus béim a chur ar an tábhacht a bhaineann lena n-iarratas a chur isteach in am.

15. Ba chóir go mbeadh tuismitheoirí ábalta cóipeanna den eolas foilsithe a fháil ach iarratas a dhéanamh faoi na socruithe ginearálta atá ag boird i dtaca le tuismitheoirí ag fáil eolais ar scoileanna. Ba chóir cóipeanna tagartha a choinneáil in oifigí boird agus i ngach scoil agus leabharlann phoiblí i limistéar an bhoird.

16. Lena chois sin, ba chóir don bhord eolas a fhoilsiú, i nuachtáin áitiúla, le tabhairt le fios go bhfuil na leabhráin ar fáil agus an dáta faoinar chóir iarratas iontrála ar naíscoil nó ar rang naíscoile a bheith déanta. Chomh maith leis sin, ba chóir do bhoird smaoineamh ar phoiblíocht ghinearálta a dhéanamh, i gcomhpháirtíocht lena chéile, sna meáin réigiúnacha m.sh. teilifís, raidió, nuachtáin srl. ag am cuí le tuismitheoirí na bpáistí atá ina mbliain dheireanach réamhscoile a chur ar an eolas gur gá an deis a thapú le hiarratais a dhéanamh ar réamhscolaíocht.

17. Ba chóir do Bhoird Gobharnóirí a chinntiú go bhfuil a gcritéir iontrála ar fáil luath go leor le go mbeidh boird ábalta iad a chur isteach san eolas atá de dhíth faoi pharagraf 14 thuas. Féach fosta paragraif 19 go 27 le treoir a fháil faoi chritéir iontrála.

RÓL NA ROINNE

18. Cinneann an Roinn an líon rollaithe lánaimseartha agus/nó páirtaimseartha do naíscoileanna agus do ranganna naíscoileanna i mbunscoileanna; mura gcinntear a mhalairt, beidh na huimhreacha rollaithe <u>reatha</u> lánaimseartha agus/nó páirtaimseartha fós i bhfeidhm. Cuirfidh an Roinn Boird Gobharnóirí ar an eolas faoi sholáthar <u>úr</u> faoi na huimhreacha rollaithe lánaimseartha agus/nó páirtaimseartha don scoilbhliain 2012/13. Cuirfear an t-eolas seo ar fáil do bhoird agus do Chomhairle na Scoileanna Caitliceacha faoi Chothabháil (CCMS).

CRITÉIR IONTRÁLA

19. Cuireann rialacháin a rinneadh faoi **Airteagal 32 den Ordú Oideachais (Tuaisceart Éireann) 1998** ceanglas ar naíscoileanna agus ranganna naíscoile i mbunscoileanna, agus iad ró-shuibscríofa le hiarratais critéir iontrála a chur i bhfeidhm a chinntíonn go ndírítear na háiteanna atá ar fáil ar pháistí atá ina mbliain dheireanach réamhscoile agus atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta, .i. páistí a bhfuil tuismitheoir acu ag fáil Liúntas Tacaíochta Ioncaim nó Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta atá Bunaithe ar Ioncam agus iad siúd a mbíonn a mbreithlá ann i mí Iúil/Lúnasa. Is féidir tosaíocht áirithe a dhéanamh d'iontráil páistí a bhfuil sainriachtanais oideachais acu más mian le Boird Gobharnóirí déanamh amhlaidh (féach paragraif 22-25).

20. Tá an Bord Gobharnóirí freagrach as critéir bhreise a dhréachtú atá le cur i bhfeidhm i gcás go bhfuil a scoil ró-shuibscríofa; ní mór dóibh na pointí seo a leanas a chur san áireamh:

- i scoileanna rialaithe, aon uiríoll a dhéanann an bord chuige; agus
- i gcás Scoil Chaitliceach faoi Chothabháil, aon uiríoll a dhéanann an CCMS chuige.

21. **Baineann na Rialacháin maidir le Réamhscolaíocht i Scoileanna (Critéir Iontrála) (Tuaisceart Éireann) 1999** leis na critéir iontrála a úsáideann naíscoileanna agus ranganna naíscoile i mbunscoileanna. EILÍONN na Rialacháin sin na nithe seo a leanas bheith san áireamh sna critéir:

a. an t-ord tosaíochta ina nglacfar le páistí i réamhscolaíocht ag tús na scoilbhliana i gcás go bhfuil líon na n-iarratas ar a leithéid d'iontráil níos mó ná an líon rollaithe a chinn an Roinn faoi Airteagal 25 d'Ordú 1998 don scoil don scoilbhliain sin;

b. an t-ord tosaíochta ina nglacfar le páistí i réamhscolaíocht pháirtaimseartha ag tús na scoilbhliana i gcás go bhfuil líon na n-iarratas ar a leithéid d'iontráil níos mó ná an líon rollaithe páirtaimseartha a chinn an Roinn faoi Airteagal 29 d'Ordú 1998 don scoil don scoilbhliain sin;

c. an t-ord tosaíochta ina nglacfar le páistí i réamhscolaíocht lánaimseartha ag am ar bith i ndiaidh thús na scoilbhliana i gcás go bhfuil líon na n-iarratas ar a leithéid d'iontráil níos mó ná líon na n-áiteanna folmha lánaimseartha do réamhscolaíocht don scoilbhliain sin;

d. an t-ord tosaíochta ina nglacfar le páistí i réamhscolaíocht lánaimseartha ag am ar bith i ndiaidh thús na scoilbhliana i gcás go bhfuil líon na n-iarratas ar a leithéid d'iontráil níos mó ná líon na n-áiteanna folmha lánaimseartha do réamhscolaíocht don scoilbhliain sin;

e. soláthar le tosaíocht a thabhairt, san ord tosaíochta seo a leanas, do:-

i. pháistí atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta a bheidh 4 bliana d'aois roimh 1 Meán Fómhair ina mbliain dheireanach reamhscoile;

ii. pháistí atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta a bheidh 3 bliana d'aois roimh 1 Meán Fomhair ina mbliain dheireanach reamhscoile;

iii. pháistí nach dtiteann faoi fhopharagraf i. nó ii. a bheidh 4 bliana d'aois roimh an 1 Meán Fómhair ina mbliain dheireanach réamhscoile;

iv. pháistí nach dtiteann faoi fhopharagraf i. nó ii. a bheidh 3 bliana d'aois roimh an 1 Meán Fómhair ina mbliain dheireanach réamhscoile;

agus nach mbeidh áit réamhscolaíochta acu ag an am a mholtar dá n-iontráil, cé acu lánaimseartha nó páirtaimseartha, ag scoil eile nó aon áitreabh eile.

TABHAIR DO D'AIRE: Ciallaíonn "páistí atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta" páiste a bhfuil tuismitheoir s'aige/s'aici ag fáil Liúntas Tacaíochta Ioncaim nó Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta Bunaithe ar Ioncam. Nuair a chuireann tuismitheoirí isteach ar áiteanna dá bpáiste ar an bhunús sin, ba chóir go mbeadh a bhfoirmeacha iarratais stampáilte ag Gníomhaireacht na Slándála Sóisialta lena dheimhniú go bhfuil siad ag fáil Liúntas Tacaíochta Ioncaim nó Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta Bunaithe ar Ioncam.

PÁISTÍ A BHFUIL SAINRIACHTANAIS OIDEACHAIS ACU

22. Moltar go láidir do Bhoird Gobharnóirí leanúint leis an chleachtas thraidisiúnta maidir le tosaíocht áirithe a thabhairt i ndáileadh áiteanna do pháistí a bhfuil sainriachtanais oideachais acu laistigh de na socruithe. Ciallaíonn "páistí a bhfuil sainriachtanais oideachais acu", chun na críocha seo, páiste ina b(h)liain dheireanach réamhscoile ar chóir glacadh leis/léi mar dhuine a bhfuil sainriachtanais oideachais aige/aici má tá

deacracht foghlama i bhfad níos mó aige/aici, dar leis an bhord, i gcomparáid le formhór na bpáistí faoina (h)aois féin. Ligeann rialacháin na gcritéar iontrála do Bhoird Gobharnóirí, más mian leo, roinnt tosaíochta a thabhairt do pháistí mar sin ina mbliain dheireanach réamhscoile trí thagairt a dhéanamh dó sin laistigh de chritéir iontrála. Mar sin féin, ní mór dó sin tarlú i ndiaidh na tosaíochta riachtanaí maidir le háiteanna a thabhairt do pháistí atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta agus iad siúd a mbíonn breithlá s'acu i mí Iúil/Lúnasa ach d'fhéadfadh sé tarlú sula dtugtar áiteanna do pháistí eile ina mbliain dheireanach réamhscoile.

23. Le cuidiú le Boird Gobharnóirí, cinnfidh boird, de réir na rialachán, cé acu ba chóir glacadh le páiste mar dhuine a bhfuil sainriachtanais oideachais aige/aici bunaithe ar bhreithniú a dhéanfaidh an bord ar an fhianaise atá ar fáil ó mheasúnuithe de chuid síceolaithe oideachais, dochtúirí oifigiúla ainmnithe agus aon mheasúnú eile cosúil leis sin de réir mar is cuí laistigh den amscála atá ar fáil. Cuirfidh an rannóg sainoideachais den bhord an Bord Gobharnóirí ar an eolas faoi dhearcadh an bhoird.

24. I gcás go bhfuil níos mó iarratas ag Bord Gobharnóirí, ar chóir glacadh leo mar dhaoine a bhfuil sainriachtanais oideachais acu dar leis an bhord, ná líon na n-áiteanna atá ar fáil, ba chóir don Bhord Gobharnóirí a gcritéir féin a chur i bhfeidhm, m.sh. caidrimh siblíní, ceantar tíreolaíochta srl. le cinneadh cé acu páistí atá le ligean isteach.

25. Ní féidir áiteanna "a chur in áirithe" do pháistí mar sin. Ní mór gach áit a dháileadh laistigh den chlár ama atá san larscríbhinn agus de réir na socruithe atá sa Chiorclán seo.

CRITÉIR EILE

26. Laistigh den chreat atá leagtha amach i bparagraif 19 go dtí 21 thuas, bheadh an Roinn ag dréim le go gcuirfeadh na critéir réimse fachtóirí san áireamh .i. na critéir a chuir na Boird Gobharnóirí le chéile le hiad a chumasú páistí a roghnú le haghaidh iontrála agus iad ró-shuibscríofa le hiarratais. D'fhéadfadh na nithe seo a leanas bheith mar pháirt dóibh: suíomh tíreolaíochta bhaile an pháiste i dtaobh na scoile nó cé acu tá tuismitheoir/caomhnóir de chuid an pháiste fostaithe ag an scoil; fachtóirí spéisialta (m.sh. leighis nó sóisialta ar chóir do na tuismitheoirí fianaise tacaíochta a sholáthar ina leith); agus i gcás ranganna naíscoile i mbunscoileanna cé acu tá dearthair/deirfiúr (leasdearthair/leasdeirfiúr) ag freastal ar an bhunscoil. **I gcás go bhfuil suíomh tíreolaíochta bhaile an pháiste i dtaobh na scoile le cur san áireamh mar chritéar, ba chóir é a dhéanamh soiléir cé acu tagraíonn sé sin do bhaile na dtuismitheoirí amháin nó an féidir le baile feighlí páistí bheith san áireamh.**

27. Tá sé mar aidhm ag critéir iontrála an Bord Gobharnóirí a chumasú le cinntí oibiachtúla a dhéanamh faoi na páistí a nglacfar leo sa scoil. Ó tharla go bhfuil cur i bhfeidhm chritéir iontrála na scoile ina príomhfhachtóir i mbreithniú Binse Achomhairc ar achomharc tuismitheora in aghaidh cinnidh iontrála (féach paragraif 28 agus 29), tá sé riachtanach gur chóir go mbeadh na critéir iontrála

- oibiachtúil
- furasta a shoiléiriú; agus
- ábalta idirdhealú a dhéanamh idir páistí síos go dtí an áit dheireanach atá ar fáil.

Ba chóir do Bhoird Gobharnóirí a chinntiú go bhfuil a gcritéir iontrála sa bhliain 2012/13 ag cur seo san áireamh. I dtéarmaí idirdhealú a dhéanamh idir páistí síos go dtí an áit dheireanach atá ar fáil, ciallaíonn sé sin go bhfuil sé éigeantach go mbeadh ceist réitigh mar pháirt de chritéir iontrála réamhscoile. Tá moltaí na RO i dtaca le critéir na ceiste réití ceangailte le Iarscríbhinn 2.

ACHOMHAIRC

28. Cuireann **Airteagal 27 agus 31 den Ordú Oideachais (Tuaisceart Éireann) 1998** ceanglas ar bhoird socruithe a dhéanamh le hiad a chumasú tuismitheoirí achomharc a dhéanamh má tá siad míshásta le cinneadh iontrála. Déanfar an t–achomharc chuig Binse Achomhairc arna bhunú ag an bhord chuí de réir na **Rialachán maidir le hIontrálacha Scoile (Binsí Achomhairc) (Tuaisceart Éireann) 1998**. Ba chóir do bhoird sonraí na socruithe a fhoilsiú le haghaidh achomhairc in éadan cinntí iontrála atá déanta ag scoileanna atá lonnaithe ina limistéir boird faoi seach.

29. Ní fhéadfaidh tuismitheoirí achomharc a dhéanamh chuig binse má dhiúltaíonn cinneadh dá bpáiste iontráil ar scoil ach amháin ar an bhunús nár chuir an Bord Gobharnóirí, a rinne an cinneadh nó a ndearnadh an cinneadh thar a cheann, nár chuir siad a chuid critéirí iontrála i bhfeidhm mar is ceart. Tá cinntí na mBinsí Achomhairc ina gceangal ar gach scoil agus, dá bhrí sin, féadfaidh páistí a ghlacadh isteach i scoil i gcomhlíonadh le treoir atá tugtha ag Binse Achomhairc, fiú amháin dá mbeadh an scoil ag dul thar a líon iontrála ceadaithe lánaimseartha agus/nó pairtaimseartha.

CINNEADH MAIDIR LE LÍON ROLLAITHE LÁNAIMSEARTHA AGUS PÁIRTAIMSEARTHA

30. Is iomaí naíscoil agus rang naíscoile a chuireann áiteanna lánaimseartha agus páirtaimseartha araon ar fáil; ní chuireann roinnt acu ach áiteanna páirtaimseartha ar fáil. Ciallaíonn soláthar lánaimseartha amháin go mb'fhéidir nach bhfuiltear ag baint lántairbhe as na háiteanna atá ar fáil. Tá soláthar lánaimseartha ina bhuntáiste ar leith do pháistí a bhfuil riachtanais spéisialta acu agus dóibh siúd atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta; i gcás go gcuirtear ar fáil é ar na fáthanna sin, ba chóir leanúint le hé a chur ar fáil ach ba chóir é a choinneáil faoi athbhreithniú.

31. Níor chóir do scoileanna dul thar an líon daltaí atá ceadaithe d'iontrálacha lánaimseartha agus/nó páirtaimseartha ach amháin má tá sé le páiste a ligean isteach i gcomhlíonadh le cinntí Binse Achomhairc, nó i gcás gur tugadh ordú faoi Airteagal 42 den Ordú Oideachais (Tuaisceart Éireann) 1996 páiste a ligean isteach i scoil ar leith.

Comhairliúchán ar Líon na nDaoine ar Rollú

32. Cuireann **Airteagal 24, 25, 28 agus 29 den Ordú Oideachais (Tuaisceart Éireann) 1998** ceanglas ar an Roinn líon rollaithe lánaimseartha agus/nó pairtaimseartha a shocrú do gach naíscoil agus do ranganna naíscoile i mbunscoileanna i gcomhairle le Boird Gobhairnóirí agus i ndiaidh di breithniú a dhéanamh ar aon uiríoll a rinne an CCMS (Comhairle na Scoileanna Caitliceacha faoi Chothabháil) agus na boird i dtaca le **gach scoil ina limistéar.**

33. Agus í ag socrú líon rollaithe do scoil tá ceanglas ar an Roinn na pointí seo a leanas a chur san áireamh:

- na ceanglais i dtaca le háitreabh scoile faoi Airteagal 18 den Ordú Oideachais agus Leabharlann (Tuaisceart Éireann) 1986 arna leasú;

- an chóiríocht atá ar fáil le húsáid ag páistí reámhscoile; agus

- líon na n-áiteanna réamhscoile lánaimseartha agus/nó páirtaimseartha atá le bheith curtha ar fáil sa scoil.

LÍON ROLLAITHE LÁNAIMSEARTHA

34. Is ionann líon rollaithe lánaimseartha scoile agus uasmhéid na bpáistí is féidir a rollú i naíscoil nó i ranganna naíscoile i mbunscoil in aon scoilbhliain.

Dar leis an Roinn gurb é 26 an líon rollaithe lánaimseartha do gach aonad naíscoile nó do rang naíscoile i mbunscoil a chuireann soláthar lánaimseartha ar fáil.

LÍON ROLLAITHE PÁIRTAIMSEARTHA

35. Is ionann líon rollaithe páirtaimseartha scoile agus uasmhéid na bpáistí is féidir a rollú i naíscoil nó i ranganna naíscoile i mbunscoil in aon scoilbhliain.

Dar leis an Roinn gurb é 26 an líon rollaithe páirtaimseartha do gach aonad naíscoile nó do rang naíscoile i mbunscoil a chuireann soláthar lánaimseartha ar fáil.

GNÁTHAIMH I DTACA LE PÁISTÍ A NGLACTAR LEO LE LINN A MBLIANA LEATHDHEIREANAÍ RÉAMHSCOILE

36. **I gcás go ligtear páiste isteach i scoil agus é/í ina b(h)liain leathdheireanach réamhscoile, níl sé/sí i dteideal bliain eile de réamhscolaíocht. Beidh ceanglas ar thuismitheoirí iarratas úr a dhéanamh le haghaidh bliain bhreise réamhscolaíochta agus déanfar breithniú air sin in éineacht le gach iarratas eile.**

CLÁR AMA

37. Tá clár ama le haghaidh fheidhmiú na socruithe seo i dtaca le hiontrálacha don scoilbhliain 2012/13 ceangailte le hIarscríbhinn 1.

CIORCLÁIN A CUIREADH AR CEAL

38. Cealaítear leis seo Ciorclán 2010/10.

PAUL PRICE
Ceannaire Fhoireann Rochtain Scoile

IARSCRÍBHINN 1

IONTRÁLACHA RÉAMHSCOILE
CLÁR AMA - MEÁN FÓMHAIR 2012

Meán Fómhair 2011	Soláthróirí le hathbhreithniú a dhéanamh ar bheartais iontrála
Dé hAoine, 16 Meán Fómhair 2011	Boird le tuairiscí agus critéir iontrála a fháil ó sholáthróirí le foilsiú
Dé hAoine, 2 Nollaig 2011	Foilsíonn Boird eolas thar ceann soláthróirí
Seachtain dar tús Dé Luain, 12 Nollaig 2011	Fógraí i nuachtáin/ar teilifís
Dé Céadaoin, 11 Eanáir 2012 (tráth nach déanaí ná 12 meán lae)	Dáta deiridh le hiarratais bheith faighte ó thuismitheoirí chuig solathróirí chéad rogha. Glacfar le hiarratas ar bith a gheobhfar i ndiaidh an ama agus an dáta sin mar 'mall'.
CÉIM A HAON – BREITHNIÚ AR PHÁISTÍ SA BHLIAIN DHEIRIDH ***(.i. páistí ina mbliain dheiridh réamhscoile)***	
Dé Máirt, 20 Eanáir 2012	Dáta faoina roghnaíonn páistí spriocaoise ag céim an chéad rogha agus an dáta faoinar chóir foirmeacha iarratais na bpáistí spriocaoise nár roghnaíodh bheith faighte ag Boird le tabhairt do sholáthróirí dara rogha. Foirmeacha iarratais do pháistí faoi aois le coinneáil ag soláthróirí fo-shuibscríofa le meas ag Céim 2. Foirmeacha iarratais do pháistí faoi aois le bheith seolta ar ais ag soláthróirí ró-shuibscríofa le tabhairt ar aghaidh do sholáthróirí dara rogha ag Céim 2.
Déardaoin, 9 Feabhra 2012 (roimh lártéarma)	Dáta faoina roghnaíonn soláthróirí páistí spriocaoise ag céim an dara rogha agus an dáta faoinar chóir foirmeacha iarratais na bpáistí spriocaoise nár roghnaíodh bheith faighte ag Boird le tabhairt do sholáthróirí tríú rogha.
Déardaoin, 23 Feabhra 2012	Dáta faoina roghnaíonn soláthróirí páistí spriocaoise ag céim an tríú rogha agus an dáta faoinar chóir foirmeacha iarratais na bpáistí spriocaoise nár roghnaíodh bheith faighte ag Boird.
Dé hAoine, 16 Márta 2012	Dáta deiridh faoina nglacfar le hathrú roghanna i gcúinsí eisceachtúla nó le heolas breise. Dáta deiridh d'iarratais úra bheith faighte ó pháistí spriocaoise laistigh de Chéim 1. NÍ dhéanfar breithniú ar iarratas ar bith a gheobhfar i ndiaidh an dáta seo go dtí i ndiaidh Dé hAoine, 30 Márta 2012 (.i.) laistigh de Chéim 2.
Dé hAoine, 30 Márta 2012 (Roimh Shaoire na Cásca)	Litreacha eisithe ag soláthróirí ag cur in iúl do thuismitheoirí an suíomh a ghlac lena bpáiste spriocaoise ag Céim 1. Litreacha eisithe ag Boird ag cur in iúl do thuismitheoirí nár táirgeadh áit dóibh ag Céim 1, ag tabhairt le fios cá háit a bhfuil áiteanna fós ar fáil agus ag iarraidh orthu roghanna breise a dhéanamh.
DEIREADH CHÉIM 1	

CÉIM A DÓ – BREITHNIÚ AR PHÁISTÍ RÉAMHSCOILE FAOI AOIS AGUS NA PÁISTÍ RÉAMHSCOILE ÚD NACH BHFUIL ÁIT ACU	
Dé hAoine, 13 Aibreán 2012	Dáta faoinar chóir roghanna breise do pháistí spriocaoise nach bhfuil áit acu, bheith seolta ar ais chuig Boird le tabhairt do sholáthróirí. Glacfar le haon iarratas/rogha breise a gheobhfar i ndiaidh an dáta sin mar 'mall' i gCéim 2.
Dé Céadaoin, 25 Aibreán 2012	Dáta faoina n-eisíonn Boird roghanna breise a fuarthas do pháistí spriocaoise nach bhfuil áit acu ag Céim 1 agus iarratais d'aon pháiste faoi aois a chuir soláthróirí ró-shuibscríofa ar ais ag Céim 1 chuig scoileanna.
Dé hAoine, 4 Bealtaine 2012	Dáta faoina gcuireann soláthróirí Boird ar an eolas faoi na daltaí úd a roghnaíodh ag Céim 2 agus an dáta faoinar chóir foirmeacha iarratais na bpáistí spriocaoise nár roghnaíodh bheith faighte ag Boird le tabhairt do sholáthróirí eile atá liostaithe mar roghanna.
Dé hAoine, 18 Bealtaine 2012 (seachtain roimh Aistriú)	Dáta deiridh d'aon áit atá fágtha a dháileadh .i. roghanna breise ag spriocaois agus aon roghanna faoi aois.
LEAGAN AMACH GHÁTHAMH CHÉIM 2	
Dé hAoine, 1 Meitheamh 2012	Deireadh le gach próiseáil agus litreacha socrúcháin Chéim 2 eisithe ag soláthróirí ag tabhairt le fios do thuismitheoirí an suíomh a ghlac lena bpaiste Litreacha eisithe ag Boird ag cur in iúl do thuismitheoirí nár táirgeadh áit dóibh ag Céim 2, ag tabhairt le fios cá háit a bhfuil áiteanna fós ar fáil agus ceart achomhairc.
DEIREADH LE GNÁTHAMH IARRATAIS	
Dé Céadaoin, 13 Meitheamh 2012 (tráth nach déanaí ná 4.00pm)	Dáta deiridh d'fhógra rúin achomhairc in aghaidh na gcinntí iontrála Naíscoile de chuid Boird Ghobharnóirí le bheith faighte ag Boird. (Céim 1 & Céim 2)

IARSCRÍBHINN 2: CRITÉIR NA 'CEISTE RÉITIGH'

Tá moladh na Roinne i dtaca le ceisteanna réitigh dírithe ar na modhanna seo a leanas anois:

- **Modh A – Aois:** Critéar a dhéanann tosaíocht ar iarratasóirí de réir aoise (is sine nó is óige) bunaithe ar dháta breithe de réir mar atá scríofa ar Theastas Breithe;

- **Modh B – Aibitir :** Critéar a chuireann iarratasóirí in ord tosaíochta; cuireann litreacha a n-ainm (mar atá scríofa ar Theastas Breithe) in ord bunaithe ar ord na litreacha uile san aibitir. Seo a leanas gnáthchur síos den cheist réitigh seanbhunaithe sin atá ag scoil (mar pháirt de Leabhrán Aistrithe foilsithe):

    - "Roghnófar páistí le haghaidh iontrála ar bhonn thúslitir an tsloinne (mar atá ar an Teastas Breithe) san ord atá leagtha amach thíos:

      E M Y K T S L Mac Z Q O G N A Mc I H F V P R W D B C U J X

    - Cinneadh an t-ord seo trí rogha randamaithe de litreacha na haibitire.

    - I gcás go bhfuil sloinnte ag tosú leis an túslitir chéanna, bainfear úsáid as na litreacha a thagann ina diaidh in ord aibítre. I gcás dhá shloinne chomhionanna, bainfear úsáid as ord aibitíre thúslitreacha na réamhainmneacha."

- **Modh C – rogha randamach:** ábalta rian iniúchta soiléir a fhágáil (m.sh. rogha randamach ríomhairithe).

Níl na deacrachtaí oibriúcháin céanna ag Modhanna A agus B i dtaca le próiseáil roghanna agus atá ag Modh C. Is iad na lagaí amháin a bhaineann le Modh A agus B nach ndéanfaidh Modh A idirdhealú idir páistí a bhfuil an dáta breithe céanna acu agus ní dhéanfaidh Modh B idirdhealú idir páistí a bhfuil an t-ainm iomlán céanna orthu. Mar sin féin, má ligeann critéir iontrála scoile don scoil an "cheist réitigh Aoise" a chur i bhfeidhm i gcás nach bhfuil socrú ar fáil i ndiaidh "ceist réitigh aibitíre", nó *vice versa,* beidh sé sin éifeachtach beagnach i gcónaí. I gcás nach bhfuil an meascán sin éifeachtach, má ligeann critéir iontrála scoile di ansin modh roghnúcháin randamaigh a chur i bhfeidhm, is féidir idirdhealú a dhéanamh ar dhaltaí a bhfuil an dáta breithe agus an t-ainm iomlán céanna acu.

Tig le Boird Gobharnóirí an úsáid is fearr a bhaint as critéir na ceiste réití mar seo a leanas:

- Modh A, ansin Modh B, ansin Modh C
- Modh B, ansin Modh A, ansin Modh C